## Bearta Caiteachais Roghnaithe

Tá an Rialtas tiomanta raon seirbhísí breise a chur ar fáil i réimsí éagsúla. Leagtar amach roghnú de bhearta breise anseo thíos. Tá sonraí i ndáil le Bearta Caipitil agus leithroinnte ilbhliantúla le fáil in alt ar leithligh den mhionteagasc seo.

### *Coimirce Shóisialach*

- Tá soláthar déanta le haghaidh Bhónas na Nollag don bhliain 2019 do dhaoine atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarma;
- Tuismitheoirí Aonair – Méadú €15, ó €150 in aghaidh na seachtaine go €165 in aghaidh na seachtaine, ar an neamhaird tuillimh i gcás na híocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora agus na hIdirthréimhse maidir le Liúntas Cuardaitheora Poist.
- Íocaíocht do Theaghlaigh atá ag Obair – meadú €10 ar an tairseach ioncaim don Íocaíocht do Theaghlaigh atá ag Obair do theaghlaigh ina bhfuil suas le 3 leanbh
- An Clár Béilí Scoile – Feabhsú ar an gclár béilí scoile.
- Cúramóirí – Méadú ó 15 uair go 18.5 uair in aghaidh na seachtaine ar líon na n-uaireanta inar féidir le cúramóirí a bheith ag obair nó ag staidéar lasmuigh den bhaile.
- Liúntas Breosla – Méadú €2 in aghaidh na seachtaine ar ráta an Liúntais Breosla.
- Fostaíocht Phobail – Méadú ar Bhuiséad don Oiliúint Fostaíochta Pobail.
- Rátaí Laghdaithe maidir leis an Liúntas Cuardaitheora Poist –
    - (a) Méadú ar ráta an Liúntais Cuardaitheora Poist do dhaoine atá 25 bhliana d’aois go dtí an ráta iomlán, ó €157.80 go €203
    - (b) Méadú ar Liúntas Cuardaitheora Poist do dhaoine óga idir 18 go 24 bhliain d’aois agus atá ina gcónaí go neamhspleách agus atá ag fáil tacaíochtaí tithíochta, go dtí an ráta iomlán, ó €112.70 go €203
- Méadú i leith Leanaí Cáilithe–
    - (a) Méadú €2 in aghaidh na seachtaine ó €34 go €36 in aghaidh na seachtaine ar an ráta seachtainiúil i leith Leanbh Cáilithe do leanaí faoi bhun 12 bhliain d’aois
    - (b) Méadú €3 in aghaidh na seachtaine ó €37 go €40 in aghaidh na seachtaine ar an ráta seachtainiúil i leith Leanbh Cáilithe do leanaí atá 12 bhliain d’aois agus níos sine

### *Sláinte*

- Tá an t-ollchaiteachas reatha a vótáladh do shláinte chun méadú 6.4% go €17.4 billiún;
- Maoiniú chun tacú leis an Straitéis Sláintecare a chur i bhfeidhm
- Ciste nua Comhtháthaithe Sláintecare €20 milliún agus Ciste Athdheartha Cúraim €12m.
- De bharr na socruithe conartha athbhreithnithe le dochtúirí teaghlaigh a comhaontaíodh sa bhliain 2019, beidh infheistíocht bhreise ann sa bhliain 2020 lena dtabharfar tacaíocht chun seirbhísí dochtúra teaghlaigh a fheabhsú agus tacaíocht do sheirbhísí príomhúla agus pobail áitiúla trí mhaoiniú ar raon gairmithe sláinte pobalbhunaithe breise.
- Infheistíocht bhreise €25 mhilliún sa gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóiréala.

- Laghdú 50c ar mhuirir oidis do gach duine, lena dtiocfaidh laghdú €10 ar an tairseach míosúil don Scéim Íocaíochta Drugaí agus lena dtiocfaidh méadú €50 ar na tairsí ioncaim don chárta leighis (€150 do lánúin).
- Ó Mheán Fómhair ar aghaidh, de bharr chomh maith is a d'éirigh le cur i bhfeidhm an chórais cúraim dochtúra teaghlaigh saor in aisce do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois, tá sé beartaithe ag an rialtas, mar chuid den chlár céimnitheach sna blianta amach romhainn, cúram dochtúra teaghlaigh saor in aisce do leanaí a leathnú chuig leanaí faoi bhun 8 mbliana d'aois agus tá sé beartaithe freisin cúram fiaclóireachta saor in aisce a sholáthar do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois lena n-áirítear sláinte béil choisctheach a chur chun cinn.
- Leanfaidh an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais de bheith ag cur seirbhísí cúraim chónaithigh ar fáil chun a chumasú do dhaoine aosta cónaí go neamhspléach ina dtithe féin chomh fada agus is féidir agus infheistíocht chun 1 mhilliún uair breise de chúram baile a sholáthar i gcomparáid le leibhéal 2019.

***Talmhaíocht***

- Tacaíocht do suas le 104,000 feirmeoir i limistéir sriantachta nádúrtha tríd an scéim um Limistéir Sriantachta Nádúrtha.
- Cumas seirbhísí iniúchta feola a fheabhsú tuilleadh chun a éascú caighdeáin sábháilteachta bia a chothabháil agus margaí onnmhairithe a fhorbairt.
- Clár Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil feabhsaithe a oibriú chomh maith le tacaíochtaí eile a bheidh dírithe ar fheirmeoirí lao, leis an gcuspóir éifeachtúlacht chomhshaoil agus cáilíochtaí leasa táirgeadh mairteola na hÉireann a fheabhsú tuilleadh.
- Tacaíocht a thabhairt d'obair Bhord Bia maidir le cur chun cinn agus forbairt go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh mar thoradh ar fhágáil RA ón AE.

***Leanaí agus Gnóthaí Óige***

- €57m chun tacú leis an Scéim um Chúram Leanaí Inacmhainne a thabhairt isteach ag deireadh na bliana 2019 lena n-áirítear feabhsuithe ar na tairsí chun incháilitheacht a mhéadú.
- **€**30m d'acmhainní breise do TUSLA chun gealltanais an Rialtais i ndáil le dídeanaithe a sheachadadh mar aon le maoiniú do sheirbhísí ríthábhachtacha gaolmhara.

***Oideachas***

- Tá maoiniú déanta maidir le réimse beart le luach €380m (3.9%).
- Leis seo, soláthrófar os cionn 1,600 post breise lena n-áirítear múinteoirí chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú déimeagrafach, os cionn 1,000 cúntóir riachtanas breise agus os cionn 400 múinteoir breise chun tacú leo siúd a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.
- Tá an ráta caipitíochta caighdeánach á mhéadú 2.5% in aghaidh an dalta, sin méadú 7.5% ar rátaí caipitíochta ag an leibhéal bunscoile.
- Maidir le scoileanna beaga, beidh laghdú 1 phointe amháin ar an sceideal foirne i mbunscoileanna beaga ina bhfuil líon níos lú ná 4 mhúinteoir agus beidh méadú ar na laethanta scaoilte ón mhúinteoireacht do phríomhoidí.

- Tá socrú i mBuiséad 2020 don mhéadú deiridh 0.1% ar thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna rud a fhágann gur 1% an ráta. Le méadú 2020, soláthrófar €74 mhilliún d'infheistíocht bhreise do na hearnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais agus Oiliúna sa bhliain 2020.
- Cuirfidh an infheistíocht shuntasach faoin gCiste Náisiúnta Oiliúna leis an infheistíocht mhór i bhforbairt caipitil dhaonna san Ardoideachas faoin Tionscnamh 5 bhliana nua €300m, an Tionscnamh um Chaipitil Dhaonna. Sa bhliain 2020 leithroinnfear €60 milliún tríd an Tionscnamh, lena soláthrófar tuairim is 3,000 ionad breise d'earnálacha ina bhfuil riachtanais scileanna tosaíochta aitheanta, chun a éascú do chéimithe oiliúint ardleibhéil a fháil i réimsí scileanna a bhfuil an-éileamh orthu, chun oideachas ar leibhéal céime a shlánú agus chun athchóiriú agus nuálaíocht leanúnach a chur chun cinn i soláthar an ardoideachais.

***Tithíocht***

- Tá os cionn €2.5bn á leithroinnt i leith tithíochta a fhreagróidh do riachtanais tithíochta 27,500 teaghlach.
- Áirítear air seo 8,500 teach nua sóisialta a sheachadadh trí chláir tógála agus ceannach.
- Tacófar le réimse clár eile tríd an leithroinnt maoinithe reatha €1.1 bhilliún agus go háirithe 2,631 teach sóisialta a sheachadadh trí léasú fadtéarma ag údaráis áitiúla agus comhlachtaí ceadaithe tithíochta (CCTanna).
- Freagrófar do riachtanais 16,350 teaghlach nua faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa, chomh maith le tacaíocht do 71,100 tionóntacht reatha faoi na scéimeanna sin.

***Dlí agus Ceart***

- Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí a thógáil trí suas le 700 Garda a earcú.
- Beidh earcú foirne mar thaca leis sin lena bhfuil sé beartaithe na seirbhísí is gá le haghaidh eagraíocht chomh mór sin a chur ar bhonn gairmiúil agus chun poist riaracháin a líonadh trína ligfear do Ghardaí oilte dul ar ais chuig an bpóilíneacht túslíne.
- Bearta eile lena n-áirítear tuilleadh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar líon ard iarrthóirí tearmainn agus feabhsuithe ar an gcóiríocht agus na seirbhísí a chuireann Seirbhís Príosún na hÉireann ar fáil.

***Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht***

- Infheistíocht bhreise €7 milliún in athshlanú agus caomhnú Portach.
- Infheistíocht bhreise do chultúr, d'ealaíontóirí agus do chuimhneacháin.
- Leanúint den infheistíocht chun an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm.

***Forbairt Tuaithe agus Pobail***

- €5 mhilliún bhreise de chaiteachas reatha agus 12 mhilliún de Chaiteachas Caipitil chun tacaíocht a thabhairt maidir le réimse éagsúil tionscnamh atá dírithe ar gheilleagair agus pobail tuaithe a neartú.

***Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil***

- Méadú €20.8m ar chomhoibriú idirnáisiúnta, méadú 2.5% i gcomparáid le 2019 agus a fhágann pacáiste iomlán Cúnaimh Forbartha Coigríche de €837 milliún.
- Tá maoiniú á chur ar fáil freisin chun Lorg Domhanda na hÉireann a fheabhsú tuilleadh.

***Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht***

- Cumasófar, leis an méadú ar Chaiteachas Reatha na Roinne, acmhainní breise a sholáthar do Chomhlachtaí Rialála na Roinne agus dá Gníomhaireachtaí Fiontair chun leanúint de na hullmhúcháin le haghaidh Brexit, cibé foirm ina mbeidh sé, trí raon na dtacaíochtaí a bheidh ar fáil a leathnú agus a fhorbairt tuilleadh agus tríd an Tionscnamh um Lorg Domhanda a thabhairt ar aghaidh.
- Leis an leithroinnt mhéadaithe chaipitil cumasófar don Roinn an dara céim den Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) a chur i bhfeidhm. Faoi Ghlao 1 den DTIF, tá rannpháirtíocht agus comhoibriú tionscail á bhfeabhsú agus é mar cheanglas dhá pháirtnéir fiontraíochta ar a laghad a bheith sa chuibhreannas agus a mbeidh Fiontar Beag agus Meánmhéide ar cheann acu. Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil freisin, leis an leithroinnt mhéadaithe chaipitil d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don chéad chéim eile den athnuachan ar an gClár Ionaid Taighde dá cuid.

***Iompar, Turasóireacht agus Spórt***

- Tá maoiniú breise leithroinnte do spórt chun tacaíocht a thabhairt maidir le hinfheistíocht mhéadaithe sa spórt de réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt.
- Tá maoiniú curtha ar fáil maidir le mórócáidí spóirt lena n-áirítear Euro 2020 agus Cluichí Oilimpeacha Tóiceo 2020.
- Tá maoiniú leithroinnte chun a chinntiú go gcuirfear acmhainní breise foirne ar fáil don Údarás Náisiúnta Iompair chun tacaíocht a thabhairt maidir leis an gclár infheistíochta caipitil.
- Tá maoiniú breise curtha ar fáil don chlár um Chothabháil na mBóithre Náisiúnta
- Déanfar cistí méadaithe caipitil a infheistiú go príomha chun tionscadail iompair na hearnála poiblí atá á bhforbairt faoi láthair a chur chun cinn lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenach, athnuachan flít, Metrolink agus BusConnects a chur chun cinn chomh maith leis an gclár siúlóide agus rothaíochta
- Tá maoiniú breise €10.5m imfhálaithe chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh maidir le féarbhealaí, rothaíocht sa chathair agus bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha.

***Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí***

- Méadú pá 0.5% in Eanáir 2019 (do thuarastail bhliantúla suas go dtí €32,000) agus 2% i nDeireadh Fómhair 2019. Is céim eile í seo chun deireadh rialaithe a chur le bearta FEMPI lena gcinntítear cobhsaíocht leanúnach maidir le gné fhíorthábhachtach de bhille pá an Státchiste sa mheántéarma.